

LÁNCHOSC: 8 Aibreán 2020 12:00 Am Lár na hEorpa

Cearta an duine agus an tsláinte phoiblí a chosaint agus COVID-19 á comhrac

Tá impleachtaí móra ag bearta rialtais chun COVID-19 a chomhrac ar chearta bunúsacha gach duine, lena n-áirítear an ceart chun beatha agus chun sláinte, faoi mar a leagadh amach i dtuarascáil nua ó Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA). Bíonn tionchar ag freagairtí rialtais chun deireadh a chur leis an víreas go háirithe ar chearta dhaoine atá leochaileach cheana féin nó atá i mbaol cheana féin, amhail daoine scothaosta, leanaí, daoine faoi mhíchumas, na Romaigh nó dídeanaithe. Is chun leasa gach duine é go gcloítear le cearta an duine agus go gcosnaítear sláinte an phobail – ní mór an dá cheann a bheith i dteannta a chéile.

*"Is léir go bhfuil freagairtí láidre maidir le sláinte an phobail ag teastáil chun an saol a chosaint le linn na paindéime. Ach is féidir linn ár sláinte a chosaint agus cloí le cearta an duine. Ní cluiche nialasach é," a deir Stiúrthóir FRA **Michael O'Flaherty**. "Dá mhéad a chloímid le cearta an duine, is amhlaidh is fearr a bheidh ár straitéisí maidir le sláinte an phobail. Leis na straitéisí seo, ní mór a áirithiú freisin nach mairfidh aon teorannú ar chearta bunúsacha dhaoine ach chomh fada agus is gá agus go gcosnóidh siad daoine atá leochaileach cheana féin agus a d'fhéadfadh a bheith faoi rioscaí níos mó ó COVID-19."*

Sa tuarascáil FRA '[COVID-19 coronavirus in the EU: Fundamental Rights Implications](#)' breathnaítear ar na bearta a úsáideann Ballstáit AE chun dul i ngleic leis an bpaindéim chun aird a tharraingt ar chuir chuige a chloíonn le cearta ar féidir le Ballstáit eile foghlaim uathu.

Dírítear inti ar cheithre shaincheist ina leagtar béim ar an ngá atá ann measúnú cúramach ar bhonn rialta a dhéanamh ar an tionchar ar chearta bunúsacha dhaoine de réir mar a théann rialtais i ngleic leis an bpaindéim atá ag forbairt i gcónaí:

- 1. An saol laethúil:** Bhí tionchar fadréimseach ag freagairtí rialtais ar chearta bunúsacha, amhail na cearta saorghluaiseachta agus comhthionóil, chomh maith le cearta a bhaineann le hobair, sláinte agus oideachas.
 - **Bearta scartha sóisialta agus fisiceacha** – Cé gur ordaigh tíortha na bearta sin ag tréimhsí éagsúla agus le déine éagsúil, níor cheart go dtiocfadh leithlisiú sóisialta mar thoradh orthu.
- 2. Grúpaí leochaileacha:** tá daoine áirithe níos leochailí ná daoine eile, mar shampla daoine scothaosta agus leanaí, daoine a bhfuil riochtaí leighis acu cheana féin, na Romaigh, dídeanaithe, daoine gan dídean, príosúnaigh, daoine in institiúidí.
 - **Cosaint níos fearr** – ba cheart do thíortha AE daoine a chosaint i suíomhanna institiúideacha, amhail tithe altranais, príosúin nó ionaid dídeanaithe, ach gan iad a leithlisiú. Ba cheart dóibh bearta spriocdhírthe a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na ngrúpaí leochaileacha eile, amhail brúnna d'íospartaigh

an fhoréigin teaghlaigh agus faisnéis inrochtana maidir le cúram sláinte dóibh siúd nach bhfuil rochtain ar na teachtairreachtaí rialta acu.

- 3. Ciníochas:** Spreag paindéim COVID-19 méadú ar ionsaithe ciníocha agus seineafóibeacha, go háirithe i gcoinne daoine má mheastar iad a bheith ó chúlra Áiseach.
 - **Tuairisciú** – ba cheart do thíortha AE dlúthfhaireachán a dhéanamh ar theagmhais chiníocha agus sheineafóibeacha agus na coireanna sin a thuairisciú, a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach.
- 4. Bréagaisnéis agus cosaint sonraí:** Tá bréagaisnéis ag baint le beagnach gach tír AE maidir leis an bpaindéim. Bailíonn a lán tíortha sonraí chun cabhrú le leathadh an víris a shrianadh.
 - **Cosaint sonraí a áirithiú** - ba cheart do thíortha AE a bheith san airdeall i gcónaí agus a áirithiú go gcuirfidh siad gach cosaint um chosaint sonraí i bhfeidhm agus an tsláinte á cosaint acu.

Is é seo an chéad cheann i sraith de thrí thuarascáil mhíosúla ar thionchar ghalar Coróinvíris (COVID-19) ar fud na 27 mBallstát AE. Breathnaítear sa tuarascáil ar thionchar na mbeart rialtais a bhí i bhfeidhm i mí Feabhra agus i mí an Mhárta ar chearta bunúsacha dhaoine.

Le tuilleadh faisnéise a fháil, téigh i dteagmháil le do thoil le: media@fra.europa.eu
/ Teil.: +43 1 580 30 642